



CÚIRT
INIÚCHÓIRÍ
NA hEORPA

SAINRÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ PEARSANTA CEISTEANNA GINEARÁLTA A SEOLADH ISTEACH TRÍ FHOIRM THEAGMHÁLA NA CÚIRTE

Baineann an ráiteas príobháideachais seo leis an bpróiseáil a dhéanann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) ar shonraí pearsanta daoine a líon isteach an fhoirm theagmhála agus a roghnaigh an chatagóir “Ceisteanna ginearálta”.

Tugtar tuairisc thíos ar an gcaoi a ndéanann an Chúirt sonraí pearsanta a phróiseáil agus an príobháideachas a chosaint.

Tríd an bhfoirm theagmhála a líonadh isteach, tá tú ag toiliú leis na cleachtais próiseála sonraí mar atá luaite sa ráiteas seo.

Cé air a bhfuil an cúram sonraí pearsanta a phróiseáil?

An phróiseáil sonraí a bhaineann le ceisteanna ginearálta a seoladh isteach tríd an bhfoirm theagmhála, tá sí faoi chúram Cheann na Seirbhíse Dlí, is é sin an rialaitheoir sonraí.

Cén fáth a mbailítear sonraí pearsanta?

Is é is cúis le do sonraí pearsanta a bhailiú ná go bhféadfar freagra tapa agus sásúil a thabhairt ar na hiarratais uile ar fhaisnéis/rochtain ar dhoiciméid a sheol daoine aonair chuig an gCúirt, nó freagra tapa agus sásúil a thabhairt ar dhaoine aonair a thug faisnéis don Chúirt ar bhonn deonach. Bailíonn muid an seoladh IP freisin chun dlisteanacht an iarratais agus slándáil faisnéise a chinntiú.

Cad iad na rialacha lena rialaítear an chaoi a n-úsáidtear na sonraí?

Is é an creat dlíthiúil atá i bhfeidhm sa Chúirt chun sonraí pearsanta a phróiseáil ná [Rialachán \(AE\) 2018/1725](#) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

Iarratais ar fhaisnéis agus ar dhoiciméid, déileálfar leo i gcomhréir le hAirteagal 15 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Airteagal 42 den Chairt um Chearta Bunúsacha agus [Cinneadh CIE Uimh. 12-2005](#) ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid CEI, arna leasú freisin le [Cinneadh CEI Uimh. 14-2009](#).

Cé na sonraí pearsanta a bhailímid?

Ainm agus sloinne, seoladh ríomhphoist, seoladh IP, inscne, náisiúntacht agus aon sonraí pearsanta eile a thograíonn tú a roinnt linn agus a dtoilíonn tú lena bpróiseáil.

Cé aige a bhfuil rochtain ar na sonraí agus cé leis a nochtfar iad?

De réir an phrionsabail “ar bhonn riachtanais eolais” bíonn rochtain ar sonraí pearsanta ag foireann Sheirbhís Dlí na Cúirte agus is iadsan a dhéanfaidh próiseáil orthu. Is féidir na sonraí a roinnt le ranna eile den Chúirt má mheastar gur gá sin chun freagra a thabhairt ar d'iarratas (mar shampla, roinn eile den Chúirt atá inniúil don ábhar atá luaite ar an bhfoirm theagmhála mar cheist ghinearálta).

Is féidir sonraí pearsanta a aistriú chuig faighteoirí eile: iniúchóirí inmheánacha agus/nó seachtracha, stiúrthóireacht an aistriúcháin sa Chúirt (má theastaíonn aistriúchán), an t-oifigeach cosanta sonraí, an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, nó, má cuireadh gearán isteach, an tOmbudsman.

Conas a chosnaímid na sonraí ar mhí-úsáid nó ar rochtain neamhúdaraíthe?

Déantar na sonraí a stóráil go sábháilte i lárionad sonraí na Cúirte Iniúcháirí i Lucsamburg. Bíonn feidhm maidir leo, dá bhrí sin, ag na bearta éagsúla a dhéantar chun infhaighteacht, sláine agus rúndacht shócmhainní leictreonacha na Cúirte a chosaint.

Ní bhíonn cead ach ag úsáideoirí áirithe rochtain a fháil ar shonraí pearsanta. Tugtar na cearta rochtana de réir an phrionsabail “ar bhonn riachtanais eolais”, agus cuirtear ról, post agus freagrachtaí an té lena mbaineann san áireamh sa chinneadh sin. Bíonn na cearta sin á nuashonrú go rialta de réir mar a athraíonn freagrachtaí ball foirne.

Is ar Ardrúnaí Chúirt Iniúcháirí na hEorpa atá an fhreagracht fhoriomlán as na rialacha maidir le cearta rochtana a chur chun feidhme agus as na rialacha maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh, ach tá an fhreagracht i leith na réimsí sin tarmilgthe aige/aici chuig eintitis éagsúla.

Tá Oifigeach Slándála Faisnéise ag an gCúirt a fhéachann chuige go gcuirtear an beartas slándála faisnéise chun feidhme i gceart agus go ndéantar éifeachtúlacht na seiceálacha gaolmhara a thástáil.

Cá fhad a choimeádtar sonraí pearsanta?

Déanfar do shonraí pearsanta a léirsciosadh as clár na bhfoirmeacha teagmhála cúig (5) bliana tar éis an dáta a sheol tú isteach an fhoirm theagmhála.

Cad iad na cearta atá agat?

Na cearta atá agat maidir le do shonraí pearsanta, tá siad leagtha síos in Airteagal 17 go hAirteagal 24 de Rialachán (AE) 2018/1725.

Tá an ceart agat rochtain a fháil ar do chuid sonraí pearsanta agus iad a cheartú gan aon mhoill mhíchúí má tá siad míchruinn nó neamhiomlán.

Faoi choinníollacha áirithe, tá sé de cheart agat a iarraidh orainn do shonraí pearsanta a léirsciosadh nó úsáid na sonraí sin a shrianadh. I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh i gcoinne phróiseáil do shonraí pearsanta, tráth ar bith, ar chúiseanna a bhaineann go sonrach le do chás féin agus tá ceart chun iniomparthacht sonraí agat.

Is féidir leat a iarraidh orainn aon athruithe ar do shonraí pearsanta a chur in iúl, a mhéid is féidir sin, do pháirtithe eile ar nochtadh do shonraí dóibh.

Déanfaimid an t-iarratas uait a mheas, déanfaimid cinneadh faoi agus cuirfimid fógra chugat gan aon mhoill mhíchúí agus, ar chaoi ar bith, laistigh d’aon mhí amháin tar éis an t-iarratas a fháil. Is féidir dhá mhí eile a chur leis an tréimhse sin más gá.

Is féidir leat do chearta a fheidhmiú ach teagmháil a dhéanamh leis an rialaitheoir sonraí. Tá na sonraí teagmhála tugtha thíos.

Cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh má bhíonn ceist nó gearán agat?

Is é an chéad phointe teagmhála an rialaitheoir sonraí ag eca-info@eca.europa.eu.

Más toil leat eolas breise a fháil nó más mian leat gearán a dhéanamh maidir leis an bpróiseáil a rinneadh ar do shonraí pearsanta, is féidir dul i dteagmháil freisin leis an Oifigeach Cosanta Sonraí.

Cúirt Iniúcháirí na hEorpa

An tOifigeach Cosanta Sonraí

12 Rue Alcide de Gasperi,

1615 Lucsamburg

LUCSAMBURG

Ríomhphost: eca-data-protection@eca.europa.eu

Tá sé de cheart agat freisin gearán maidir le próiseáil do shonraí pearsanta a chur, tráth ar bith, chuig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (edps@edps.europa.eu).